

MÁIRE NÍ LAIDHE

Máire Ní Dhonnchadha a bhí ar a máthair. Rugadh í san Aird nó i Muighros. Phós sí an Dr Ó Laidhe fear a tháinig ar a theicheadh isteach go hlorrus Aithneach. Bhí inghean aca Máire Ní Laidhe. Phós an Máire seo fear de mhuintir Máda i gCill Bhriocáin, agus chaith sí ann go raibh sí ina seanbhean agus is ann a cailleadh í. Bhí sí suas le deich mbliana 's cheithre sgóir nuair a cailleadh í. Tá sí cailte le dhá sgór bliain.

Nuair a bhí sí ar leabaidh an bháis tháinig máthair Sheosaimh Uí Mhongáin ar cuairt aice. Chuir Máire Ní Laidhe iallach uirthi geallamhaint di go gcuirfidís i Muighros í. “Muna ndéana sibh ach an connra a leagan amach sa taoille tiocfaidh mé féin i dtír I Muighros” adeir sí. Bhí sí a’ ceapadh gur ann a chaithfeadh sí a gul. Caithfidhe í a chur ann. Tugadh ann í freisin. Tá sí curtha i Muighros.

Seosamh Ó Mongáin

4/1/38